Lá Fhéile Bríde

Tá ceacht sa chlár I nGrá Dé do Ranganna a Dó, a Ceathair agus a Sé.

Bíonn Lá 'le Bríde go bliantúil ar an gcéad lá de Mhí Feabhra. I ré na gCeilteach, roimh theacht na Críostaíochta, tugadh Imbolg ar an gcéad lá den Earrach. Ó shoin cuireann Lá 'le Bríde tús le séasúr an Earraigh. Rugadh Naomh Bríd thart ar an mbliain 454 i bhFochaird, i gCo. Lú.

- Chaith sí an chuid is mó dá cuid ama i gCo. Chill Dara (ciallaíonn Cill Dara séipéal beag déanta as dair), áit ar thóg sí mainistir i dteannta grúpa compánach.
- Mhair sí thart ar an am céanna le Naomh Pádraig agus nuair a chuala sí ag seanamóireacht é faoin bhfíor Dhia spreag sé í chun saol Críostaí a chaitheamh.
- Theastaigh uaithi a saol a chaitheamh ag guí agus ag cabhrú leis na bochtáin.
- Chaith sí a saol ag déanamh na ngnáth rudaí saolta go foirfe.
- Díríonn na ceachtanna sna leabhair i nGrá Dé ar a cuid oibre, ar an ngrá a bhí aici do Dhia agus a cineáltas do chách.
- I leabhar Rang a Ceathair tá a lán **finnscéalta** faoi Naomh Bríd: Naomh Bríd agus an Taoiseach a bhí ag fáil bháis, Naomh Bríd an Bhean Leighis, Naomh Bríd agus an Tine ar Chnoc Chill Dara agus scéalta **béaloidis** faoi Thobar Bhríde agus Clóca Bhríde I leabhair Rang a Dó.

- Bhí aithne i ngar agus i gcéin ar Naomh Bríd de bharr an fháilte agus ghnaíúlacht a léirigh sí do na boicht.
- "Muire na nGael" a thugtaí ar Naomh Bríd.
- Nuair a bhásaigh sí tugadh a corp go dtí Dúnphádraig, i gCo. an Dúin, áit a bhfuil sí curtha le taobh Naomh Pádraig.
- Is áit oilithreachta agus urnaí é a mainistir i gCill Dara sa lá atá inniu ann, áit a mbailíonn daoine le chéile timpeall ar Bhalla Bhríde chun ómós a thabhairt di agus scéal a beatha a thabhairt chun cuimhne.
- Aithnítear Naomh Bríd mar *bhanphatrún na hÉireann.*
- Tugann an tOrd Siúracha Bhríde a saol do Dhia, ag tógáil inspioráid ó Bhríd agus leanann siad ar aghaidh lena cuid oibre.

Ceachtanna ar Naomh Bríd sna leabhair I nGrá Dé

Rang a Dó: Leabhar an pháiste, Leathanaigh 60-61 Leabhar an Mhúínteora: Leathanaigh 298-308
Rang a Ceathair: Leabhar an pháiste, Leathanaigh 97-99 Leabhar an Mhúínteora: Leathanaigh 418-430
Rang a Sé: Leabhar an pháiste, Leathanaigh 122-125 Leabhar an Mhúínteora: Leathanaigh 472-484

Further lessons and videos on St. Brigid, visit www.kandle.ie (Primary RE resources)